# Ag cabhrú leis na 5 Scil Teanga in NTI







## Inniúlacht Chumarsáide na Scoláirí a Fhorbairt

TOSAIGH ›

# Na cúig scil teanga do NTI ag an tSraith Shóisearach

**Straitéisí chun cabhrú le rochtain agus dúshlán i bhforbairt inniúlacht chumarsáideach.**



Réamhrá



Éisteacht



Léitheoireacht



Idirghníomhaíocht Labhartha



Giniúint Labhartha



Scríbhneoireacht

**Cliceáil ar na deilbhíní gorma le do thoil chun teacht ar na straitéisí**

# Cad é a deirtear sa tSonraíocht?

'Agus teangacha iasachta á bhfoghlaim aige, tá páirt ghníomhach á ghlacadh ag an scoláire i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna ina gcomhtháthaítear na **cúig scil teanga: éisteacht, léitheoireacht, ginchumas ó bhéal, idirghníomhú labhartha agus scríbhneoireacht**. Mar thoradh air sin, **is le neamhspleáchas, le muinín agus le cruthaitheacht níos mó a dhéanann sé cumarsáid**. Ós rud é gur gníomhaíocht shóisialta agus gníomhaíocht phearsanta atá san fhoghlaim agus mar gur cuid lárnach de theanga í cumarsáid, is iomaí deis atá ag an scoláire agus é ag foghlaim teangacha oibriú le daoine eile ar mhaithe lena scileanna teanga a fhorbairt agus spriocanna cuí a bhaint amach.' (Sonraíocht NTI, lch. 4)

Cliceáil le haghaidh straitéisí a thacaíonn le forbairt na gcúig scil teanga



' Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.'
(Sonraíocht NTI, lch. 3)

# Scileanna a Fhorbairt in NTI

### Gníomhaíochtaí Réamhfhoghlama



*Gníomhaíochtaí Réamhfhoghlama*
*Cleachtaí Réamhaíochta*
*Cleachtaí Scaflála*
*Cleachtaí Forbartha*
*Ceisteanna múinteoirí atá pleanáilte go cúramach*

### Gníomhaíochtaí Le linn Foghlama



*Trialacha Iomlánaithe (Cloze tests)*
*Cruthaigh Achoimrí*
*Cuir tic sna boscaí*
*Scríobh síos an méid a fheiceann tú, a chloiseann tú nó a bhraitheann tú*

### Gníomhaíochtaí Iarfhoghlama



*Ceisteanna a Chumadh*
*Cleachtaí Scaflála*
*Obair i mBeirteanna*
*Ceistiú*

# Scil na hÉisteachta- ag cabhrú le scoláirí in NTI

Straitéisí eile chun cabhrú le scoláirí a scileanna éisteachta a chur chun cinn:



1. **Frámaí Éisteachta –** cuimsíonn sé seo gníomhaíochtaí foghlama éagsúla chun an scil éisteachta a fhorbairt. Mar shampla, tar éis dóibh éisteacht le mír, iarrtar ar scoláirí i mbeirteanna a thuar cad é a cheapann siad a tharlóidh ina dhiaidh sin, naisc a dhéanamh leis an réamhfhoghlaim nó an scéal a athinsint ina bhfocail féin
2. **Spreagadh closamhairc -** d'fhéadfaí gearrthóg chlosamhairc a chasadh le tras-scríbhinn. Cabhraíonn sé sin le scoláirí an focal scríofa a cheangal leis an bhfocal labhartha, stór focal nua a aithint agus tacaíonn sé le fuaimniú. Tá neamhspleáchas ag scoláirí ábhair a roghnú a bhfuil spéis acu iontu is féidir leo a chasadh agus a athsheinm ar a ngléas féin taobh amuigh d'am ranga
3. **Úsáid spriocdhírithe fotheideal** – féachtar ar phíosa ar dtús le fotheidil sa Sprioctheanga (S.T.) agus ansin féachtar air gan iad
4. **Luasú fuaime** - tugann sé deis do scoláirí luas na míre a mbíonn siad ag éisteacht léi a mhoilliú. Méadaíonn sé seo a dtuiscint ar an ábhar fuaime
5. **Ceisteanna a dhearadh go cúramach** - is féidir le scoláirí teacht ar phíosa a thugann a ndúshlán. Cuirfidh sé sin le heispéireas foghlama na scoláirí agus iad ag forbairt a gcuid scileanna éisteachta.

# Scil na Léitheoireachta- ag cabhrú le scoláirí in NTI

**Straitéisí chun cabhrú le scoláirí a scileanna léitheoireachta a chur chun cinn:**



1. **Cleachtadh Réamhaíochta** - spreagadh ar nós grianghraif, íomhá nó greannáin a phlé chun fiosracht a ghníomhachtú agus naisc a dhéanamh
2. **Scanadh le haghaidh brí** - ceannteidil léitheoireachta, fo-theidil amháin, ag lorg focal mar atá sa Bhéarla chun réamhfhoghlaim a ghníomhachtú agus téamaí a thuar
3. **Straitéisí chun eolas a aisghabháil** -pictiúir a mheaitseáil leis an téacs, frásaí a mheaitseáil le sainmhínithe, tús agus deireadh abairtí a mheaitseáil
4. **Faisnéis a eagrú le haghaidh brí** - seicheamhú, tús áite a thabhairt, na bearnaí a líonadh, gníomhaíochtaí fíor nó bréagach
5. **Léamh oiriúnaithe** -léann na scoláirí leaganacha éagsúla den téacs agus cuireann siad an méid atá léite acu i ngníomhaíocht mhíreanna mearaí
6. **Parsáil** - briseann an teicníc seo píosaí níos mó léitheoireachta síos ina phíosaí níos lú atá níos inláimhsithe. Chun tuilleadh eolais a fháil féach an bhileog bhreise
7. **Léitheoireacht chomhroinnte** - is féidir é seo a dhéanamh i mbeirteanna ina dtógann gach duine seal. Chun tuilleadh eolais a fháil féach an bhileog bhreise

# Scil na hIdirghníomhaíochta Labhartha- ag cabhrú le scoláirí in NTI



Straitéisí chun cabhrú le scoláirí a scileanna idirghníomhaíocht labhartha a chur chun cinn:

1. **Malairt Foghlama** - ullmhaíonn scoláirí na ceisteanna ar dtús mar obair baile. Tugann an straitéis seo deis do scoláirí taighde a dhéanamh sula dtugtar an téama isteach
2. **Agallamh nó rólghlacadh**- tugann sé seo deis do scoláirí idirghníomhú go cruthaitheach sa ST, rud a ligeann dóibh ionsamhlú a dhéanamh ar shuíomhanna ón bhfíorshaol
3. **Gníomhaíochtaí drámaíochta** - tugann sé deis do scoláirí idirghníomhaíochtaí ón gceol (ar nós rap); fógraí raidió/teilifíse agus inneachar meán sóisialta a athbhunú. Is foirm dhrámatúil í an mhím is féidir a úsáid i mbeirteanna nó i ngrúpaí. Déanann scoláirí cur síos ar a bhfuil á mhúscailt nó caithfidh scoláirí buille faoi thuairim a thabhairt faoi Cad é atá á mhímeáil – siopadóireacht san ollmhargadh, ag fáil faoi réir don scoil agus mar sin de
4. **Obair ghrúpa** - róil a shannadh in obair ghrúpa idirghníomhaíocht labhartha ionas go mbeidh ar gach ball páirt a ghlacadh ar bhealach fiúntach le gur féidir leis an ngrúpa a sprioc dheiridh a bhaint amach.

# Scil na hIdirghníomhaíochta Labhartha- ag cabhrú le scoláirí in NTI



Straitéisí chun cabhrú le scoláirí a scileanna idirghníomhaíocht labhartha a chur chun cinn:

5. **Skype/Zoom sa seomra NTI** – má dhéantar scoláirí a phéireáil nó a chleamhnú lena gcomhghleacaithe i bpobal an ST tugtar an deis le haghaidh cumarsáide ón bhfíorshaol. Tugann eTwinning roinnt deiseanna iontacha dó seo
6. **Randamóir** - roghnaíonn an uirlis seo ainmneacha go randamach. Is féidir le scoláirí idirghníomhú sa ST le comhscoláirí éagsúla, agus sóisialú a fheabhsú dá réir
7. **Trí acmhainní fisiciúla** - póstaeir sa ST agus cairteacha boird an ranga ar a bhfuil nathanna ST, tacaítear le hidirghníomhaíocht labhartha i ngníomhaíochtaí ar nós rólimirtí, agallaimh agus díospóireachtaí
8. **Painéal Emoji** - is féidir íomhánna emoji a úsáid chun idirghníomhaíocht labhartha ar phríomhfhoghlaim a éascú nó mar chuid de scéal simplí ag insint scéil. Is féidir emojis a phriontáil nó a chur i láthair i bhfoirm dhigiteach. Mar shampla emojis de theaghlach, is féidir le teach agus le madra tacú le cás comhrá ón bhfíorshaol a thacaíonn, ar a sheal, le foirmliú ceisteanna, freagraí agus cuntais.

# Scil an Ghinchumais ó Bhéal – ag cabhrú le scoláirí in NTI



Straitéisí chun cabhrú le scoláirí a scileanna ginchumais ó bhéal a chur chun cinn:

1. **Gníomhaíocht mhata boird** – oibríonn na scoláirí ina n-aonar agus ansin le chéile chun ceisteanna nó pointí plé a tháirgeadh maidir le cás/comhthéacs cumarsáideach. Éascaíonn sé sin foirmliú labhartha na bpríomhfhocal timpeall an téama atá á fhorbairt san fhoghlaim
2. **Smaoinigh-Péireáil-Roinn** – oibríonn scoláirí i mbeirteanna ar ghníomhaíochtaí foghlama. Déanann na scoláirí machnamh ina n-aonar ar phríomhsmaointe agus ansin cleachtann siad iad a chumadh ó bhéal i mbeirteanna agus is as sin a thagann comhroinnt mhuiníneach sa sprioctheanga
3. **Spléach-chártaí** - tugann scoláirí faoi deara príomhfhocail agus leideanna sa ST ar spléach-chártaí chun cabhrú lena nginchumas ó bhéal
4. **Scileanna fuaimnithe** – roinn gearrthóga fuaime ar fhoghlaim atá á chlúdach sa rang do chleachtadh fuaimniú féinstiúrtha. Déanann na scoláirí féinmheasúnú le bileog mhachnaimh.

# Scil an Ghinchumais ó Bhéal – ag cabhrú le scoláirí in NTI



**Straitéisí chun cabhrú le scoláirí a scileanna ginchumais ó bhéal a chur chun cinn:**

5. **Fotheidil a bheith ina gcuid den ghinchumas ó bhéal –** chun na spreagthaí a athrú chun cabhrú le fuaimniú, is féidir le scoláirí fotheidil a chur isteach le cuidiú leis an gcleachtadh
6. **Féintaifeadadh** – úsáideann scoláirí uirlisí taifeadta a fhaightear ar ardán foghlama fíorúil na scoile nó ar a rogha gléas. Éisteann na scoláirí athuair agus déanann siad féinmheasúnú/piarmheasúnú nó déanann an múinteoir measúnú
7. **Scafláil le haghaidh ginchumas ó bhéal** - moltar do scoláirí uirlisí a úsáid le gnéithe fuaimnithe mar Word Reference, Google Translate, MS Word agus Forvo. D'fhéadfadh siad sin a bheith ina gcuidiú i ngníomhaíochtaí ina mbíonn scoláirí ag pleanáil inneachair don ghinchumas ó bhéal. Is féidir le gach scoláire fuaimniú a sheiceáil agus iad ag obair i mbeirteanna, i ngrúpaí nó go neamhspleách sa bhaile.

# Scil na Scríbhneoireachta- ag cabhrú le scoláirí in NTI



Is féidir scafláil a dhéanamh ar an scríbhneoireacht ar roinnt bealaí. De réir mar a fhorbraíonn scileanna scríbhneoireachta is féidir na scaflálacha seo a scálú siar. Seo roinnt smaointe maidir le scafláil:

1. **Fráma scríbhneoireachta** - is imlíne chnámharlaigh é seo ina mbíonn príomhfhocail agus leideanna chun smaoineamh a fhorbairt ina abairt agus tógáil air sin go dtí go mbíonn sraith paragraf ann.
2. D'fhéadfaí teimpléad de **thosaitheoirí abairte agus focail nasctha** a thairiscint sa ST chun abairtí a fhorbairt ina n-alt. Foghlaimíonn na scoláirí conas roinnt alt a nascadh le chéile de réir mar a éiríonn siad ina scríbhneoirí níos muiníní
3. **Banc focal**- is liosta focal é seo a bhaineann leis an bhfoghlaim atá beartaithe agus a chabhraíonn leis an scoláire ina chuid scríbhneoireachta. Chabhródh bainc focal le scoláirí atá ag tosú a scríobh sa ST
4. **Scileanna scríbhneoireachta a léiriú** - soiléirítear Critéir Ratha shainithe trína léiriú cén chuma a bhíonn ar théacs rathúil. Déanann na scoláirí measúnú ar mhúnlaí ina mbeirteanna, i gcoinne na gCritéar Ratha agus úsáideann siad iad chun a shoiléiriú níos mó conas dul ar aghaidh agus mír scríbhneoireachta dá gcuid féin a chumadh
5. **Scéalchláir**- Féachann na scoláirí ar ábhar closamhairc agus breacann siad síos an méid a chloiseann siad. I mbeirteanna nó i ngrúpaí cruthaíonn siad scéalchlár ag baint úsáid as an méid atá cloiste acu. Is féidir scéalchláir dhigiteacha nó fhisiceacha a chruthú.

# Parsáil - Ag cabhrú le scoláirí in NTI



- Is straitéis í parsáil a chabhraíonn le scoláirí **téacs deacair a mhiondealú ina smutáin níos inláimhsithe.** Cabhraíonn ábhar a roinnt ina chodanna níos lú le scoláirí eochairfhocail agus smaointe a aithint, forbraíonn sé **cumas na scoláirí athleagan a thabhairt**, agus bíonn sé níos éasca do scoláirí eolas a eagrú agus a shintéisiú
- Is féidir parsáil a úsáid le **téacsanna dúshlánacha d'aon fhad**, (leathanaigh/paragraif). D'fhéadfadh scoláirí a ngiotaí a scríobh síos ar eagraí grafach. (D'fhéadfaí codanna éagsúla den téacs céanna a thabhairt do scoláirí freisin mar chuid d'fhoghlaim Mhíreanna mearaí)
- De réir mar a léann na scoláirí, b'fhéidir go gcuirfeadh siad ciorcal ar fhocail atá ar eolas acu, **leideanna comhthéacs a úsáid** chun brí a aimsiú, **focail anaithnide a chuardach, comhchiallaigh a scríobh d'fhocail nua, líne a chur faoi eilimintí tábhachtacha nó iad a aibhsiú**, m.sh. I measc na straitéisí eile a d'fhéadfadh a bheith ann tá léamh os ard/léamh arís agus arís eile
- Ní chiallaíonn parsáil an téacs ach an téacs a bhriseadh síos ina chodanna níos lú. *I gcás scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu d'fhéadfadh an múinteoir é sin a dhéanamh roimh ré*
- D'fhéadfadh scoláirí "smutáin" a athscríobh ina bhfocail féin ansin. Faoi dheireadh na gníomhaíochta, bíonn athleagan déanta den bhuntéacs ag na scoláirí
- D'fhéadfaí an 'smután' athleagain a úsáid chun **comparáid a dhéanamh le scoláirí eile** mar ghníomhaíocht Mhíreanna mearaí chun a fháil amach cad é a 'pharsáil' siad. Is féidir le scoláirí scileanna idirghníomhaíocht labhartha agus ginchumas ó bhéal a fhorbairt in ST mar chuid den chéim seo freisin.

# Léitheoireacht Chomhroinnte - ag cabhrú le scoláirí in NTI



- Is iondúil go mbíonn an rang ar fad i gceist leis an léitheoireacht chomhroinnte agus an **múinteoir ag léamh téacs méadaithe** (m.sh. clár bán idirghníomhach) ina bhfuil dúshláin agus tacaíochtaí cuí do scoláirí a chinntíonn gur féidir le gach scoláire an téacs a fheiceáil
- Is é cuspóir an téacs mhéadaithe **gur féidir le scoláirí na focail a leanúint de réir mar a léann an múinteoir iad**. Ar dtús b'fhéidir go ndéanfadh an múinteoir cuid mhaith den léitheoireacht. De réir mar a éiríonn na scoláirí níos eolaí ar an téacs, áfach, glacfaidh siad seilbh níos mó air.
- Réamheolas na scoláirí a ghníomhachtú agus na hintinní foghlama agus na Critéir Ratha a roinnt leis na scoláirí
- Spreag scoláirí **tuar a dhéanamh faoin téacs, pléigh le scoláirí coinbhinsiúin na bhfoirmeacha téacs éagsúla, d'fhéadfadh scoláirí bríonna i dtéacsanna a phlé ina mbeirteanna**, téacsanna a bhaineann leo agus lena dtaithí féin
- Táthar ag súil go mbeidh scoláirí **gafa go gníomhach** fad is atá an múinteoir ag léamh, ag leanúint an téacs agus **nuair a bhíonn siad muiníneach, ag teacht isteach agus ag léamh leis an múinteoir**
- Nascann sé seo le Príomhscil na Sraithe Sóisearaí Fanacht Folláin - a bheith dearfach faoin bhfoghlaim. 'I ngach snáithe, forbróidh an scoláire dearcadh dearfach i leith na foghlama teanga de réir mar a phléann sé leis an éagsúlacht agus a dhéanann sé machnamh ar a chuid éachtaí. ' (Sonraíocht NTI lch. 10).